AN ROINN IASCAIGH AGUS FORAOISEACHTA

NA hACHTANNA IASCAIGH, 1959 GO 1980

FODHLÍ RÉIGIÚN IASCAIGH AN TUAISCIRT (ABHAINN NA hÉIRNE)

UIMH. 631, 1983

I bhfeidhmiú na gcumhachtaí a thugtar dom le halt 9 (arna leasú le halt 3 den Acht Iascaigh (Leasú), 1962 (Uimh. 31 de 1962)), den Acht Iascaigh (Comhdhlúthú), 1959 (Uimh. 14 de 1959), le halt 33 den Acht Iascaigh (Leasú), 1962 agus leis an Ordú Iascaigh (Riarachán Roinne agus Feidhmeanna Aire a Aistriú), 1977 (I.R. Uimh. 30 de 1977) (arna n-oiriúnú leis an Ordú Iascaigh (Ainm na Roinne agus Teideal an Aire a Athrú), 1978 (I.R. Uimh. 195 de 1978)), déanaimse, PÁDRAIG Ó TUATHAIL, Aire Iascaigh agus Foraoiseachta, leis seo an Fodhlí seo a leanas:

1. Fodhlí Réigiún Iascaigh an Tuaiscirt (Abhainn na hÉirne), Uimh. 631, 1983, is teideal don Fhodhlí seo.

2. Tiocfaidh an Fodhlí seo i ngníomh an 23ú lá de Mhárta, 1983.

3. D'ainneoin aon ní i mír 1 den Fhodhlí Shéasúir Choiscthe a bhaineann le Ceantar Uimh. 13 nó Ceantar Bhéal Átha Seanaidh a rinne Cigirí na nIascach Éireannach an 24ú lá de Shamhain, 1871, toirmisctear leis seo bradáin nó bric a iascaireacht nó féachaint lena n-iascaireacht.

   (*a*) i rith na tréimhse dar tosach tráth thosach feidhme an Fhodhlí seo, agus dar críoch 6 a chlog a.m. an 11ú lá de Mheitheamh, 1983, agus

   (*b*) i rith na tréimhse dar tosach 6 a chlog a.m. an 11ú lá d'Iúil, 1983 agus dar críoch 6 a chlog a.m. an 25ú lá d'Iúil, 1983,

   le haon inneall iascaireachta seachas slat agus ruaim in uiscí taoide Abhainn na hÉirne agus a craobh-abhainn, Abhainn na Mainistreach, suas an sruth ó bhéal Abhainn sin na hÉirne, arna mhíniú leis an míniú a rinneadh an 9ú lá de Bhealtaine, 1864, ag na Coimisinéirí Speisialta a ceapadh faoin Salmon Fishery (Ireland) Act, 1863.

4. Toirmisctear leis seo aon líon nó aon inneall iascaireachta eile a bheith ina sheilbh ag duine i rith ceachtar tréimhse de na tréimhsí a shonraítear i bhfomhír (*a*) nó (*b*) de mhír 3 den Fhodhlí seo in aon

DEPARTMENT OF FISHERIES AND FORESTRY

FISHERIES ACTS, 1959 to 1980

NORTHERN FISHERIES REGION (RIVER ERNE)

BYE-LAW NO. 631, 1983

I, PADDY O'TOOLE, Minister for Fisheries and Forestry, in exercise of the powers conferred on me by section 9 (as amended by section 3 of the Fisheries (Amendment) Act, 1962 (No. 31 of 1962)), of the Fisheries (Consolidation) Act, 1959 (No. 14 of 1959), section 33 of the Fisheries (Amendment) Act, 1962, and the Fisheries (Transfer of Departmental Administration and Ministerial Functions) Order, 1977 (S.I. No. 30 of 1977) (as adapted by the Fisheries (Alteration of Name of Department and Title of Minister) Order, 1978 (S.I. No. 195 of 1978)), hereby make the following bye-law:

1. This Bye-law may be cited as the Northern Fisheries Region (River Erne) Bye-law No. 631, 1983.

2. This Bye-law shall come into operation on the 23rd day of March, 1983.

3. Notwithstanding anything contained in paragraph 1 of the Close Season Bye-law relating to the No. 13 or Ballyshannon District made by the Inspectors of Irish Fisheries on the 24th day of November, 1871, it is hereby prohibited to fish or attempt to fish for salmon or trout during

   (*a*) the period commencing on the commencement of this Bye-law and ending at 6 o'clock a.m. on the 11th day of June, 1983, and

   (*b*) the period commencing at 6 o'clock a.m. on the 11th day of July, 1983 and ending at 6 o'clock a.m. on the 25th day of July, 1983,

   with any fishing engine other than rod and line in the tidal waters of the River Erne or of its tributary, the Abbey River, upstream of the mouth of the said River Erne as defined by the definition made on the 9th day of May, 1864, by the Special Commissioners appointed under the Salmon Fishery (Ireland) Act, 1863.

4. It is hereby prohibited to have in possession during either of the periods specified in sub-paragraph (*a*) or (*b*) of paragraph 3 of this Bye-law in any place on or near the tidal waters referred to in

---

The version of this Bye-law in the Irish language officially prepared is printed on the opposite page.

áit ar na huiscí taoide, nó láimh leis na huiscí taoide, dá dtagraítear i mír 3 den Fhodhlí seo, ach amháin:

(*a*) slat agus ruaim, nó

(*b*) bradóg nach n-úsáidtear ach amháin mar chabhair d'iascaireacht dhleathach le slat agus ruaim.

L.S.

ARNA THABHAIRT faoi mo Shéala Oifigiúil, an 23ú lá seo de Mhárta, 1983.

PÁDRAIG Ó TUATHAIL,

Aire Iascaigh agus Foraoiseachta.

NÓTA MÍNIÚCHÁIN

(Ní cuid den Fhodhlí an nóta seo ná ní ceart a mheas gur míniú dlíthiúil air é.)

Leis an bhFodhlí seo toirmisctear bradáin nó bric a iascaireacht le haon inneall iascaireachta seachas slat agus ruaim in uiscí taoide Abhainn na hÉirne, nó a craobh-abhainn, Abhainn na Mainistreacht, i rith na dtréimhsí–

(*a*) ó dháta thosach feidhme an Fhodhlí seo (23 Márta, 1983) go 6 a.m. an 11 Meitheamh, 1983,

(*b*) ó 6 a.m. an 11 Iúil, 1983 go 6 a.m. an 25 Iúil, 1983.

paragraph 3 of this Bye-law any net or any other fishing engine other than:

(*a*) a rod and line, or

(*b*) a landing net used solely as an auxiliary to lawful fishing with rod and line.

L.S.

GIVEN under my Official Seal, this 23rd day of March, 1983.

PADDY O'TOOLE,

Minister for Fisheries and Forestry.

EXPLANATORY NOTE

(This note is not part of the Bye-law and does not purport to be a legal interpretation.)

This Bye-law prohibits fishing for salmon or trout with any fishing engine other than rod and line in the tidal waters of the River Erne, or its tributary, the Abbey River during the periods–

(*a*) from the commencement date of this Bye-law (23 March, 1983) to 6 a.m. on 11 June, 1983,

and

(*b*) from 6 a.m. on 11 July, 1983 to 6 a.m. on 25 July, 1983.